C/2025/3331

11.6.2025

Fógra le haghaidh eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2025/3331)

Dírítear aird na n-eintiteas a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle [2] ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé á bheartú ag an gComhairle na bearta sriantacha a bhaineann leis na heintitis sin a choinneáil ar bun.

Leis seo, cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, **faoin 19 Meitheamh 2025,** chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.
[2] IO L 229, 31.7.2014, lch. 1.